www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2019

# Eolaíocht Teastas Dúbailte: Bitheolaíocht

Aonad 7 Scileanna Praiticiúla
**Leabhrán B**
Ardsraith

**[GDW76]**

*GDW76*

**DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH 2019, MAIDIN**

**AM**

30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 35 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **1**.

12268.02

www.xtrapapers.com

**1** Rinne daltaí imscrúdú ar dháileadh cúig speiceas planda ó cheantar coillearnaí isteach i gceantar féaraigh.

Cuir síos ar an dóigh a ndearna na daltaí an t-imscrúdú seo.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

www.xtrapapers.com

**2** Rinne daltaí imscrúdú ar líonta na gcuiteog i bpáirc.

Rinne siad líon na gcuiteog a shampláil in achar 1 $m^2$ ar doimhneacht 15 cm uair amháin gach dhá mhí ar feadh bliain amháin.

**(a)** Luaigh an athróg **neamhspleách** san imscrúdú seo.

_______________________________________ [1]

Thomhais na daltaí meánteocht an aeir agus an mheánbháisteach fosta do gach tréimhse dhá mhí le linn a n-imscrúdaithe.

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a bhfaigheadh na daltaí **meánteocht** an aeir do gach tréimhse dhá mhí.

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________


___________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**(c)** An graf thíos, taispeánann sé meánteocht an aeir a fuair na daltaí do gach tréimhse dhá mhí.




**(i)** Bain úsáid as an ais ar an **taobh dheas** den ghraf leis an mheánteocht aeir is airde a fuair na daltaí a thabhairt.

_______________ °C [1]

Thaifead na daltaí líon na gcuiteog i ngach tréimhse dhá mhí.
Tá a gcuid torthaí ar taispeáint sa tábla thíos.

| **Míonna** | **Líon na gcuiteog / m²** |
|---|---|
| Feabhra agus Márta | 22 |
| Aibreán agus Bealtaine | 104 |
| Meitheamh agus Iúil | 12 |
| Lúnasa agus Meán Fómhair | 50 |
| Deireadh Fómhair agus Samhain | 118 |
| Nollaig agus Eanáir | 76 |

www.xtrapapers.com

**(ii)** Bain úsáid as na sonraí sa tábla thall le líneghraf a tharraingt den líon cuiteog ar an eangach.

Bain úsáid as an scála atá tugtha ar an **ais chlé**. [3]

Thaifead na daltaí fosta an mheánbháisteach i ngach tréimhse dhá mhí le linn a n-imscrúdaithe.
Tugann an tábla thíos a gcuid torthaí.

| **Míonna** | **Meánbháisteach / mm$^3$** |
|---|---|
| Feabhra agus Márta | 61 |
| Aibreán agus Bealtaine | 110 |
| Meitheamh agus Iúil | 33 |
| Lúnasa agus Meán Fómhair | 47 |
| Deireadh Fómhair agus Samhain | 120 |
| Nollaig agus Eanáir | 105 |

Taifeadadh an líon is ísle cuiteog i Meitheamh agus Iúil.

**(iii)** Bain úsáid as an tábla den mheánbháisteach thuas agus as an fhaisnéis sa ghraf le cad chuige a mhíniú.

Bain úsáid as píosa **amháin** sonraí le tacú le do fhreagra.

Míniú ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Sonraí ______________________________________________ [3]

**(d)** Luaigh toisc aibitheach **amháin eile** a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar líon na gcuiteog i bpáirc.

______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

3 **(a)** Is mias Petri é pláta agair a bhfuil agar cothaitheach ann.

Baintear úsáid as teicnící aiseipteacha le coilíneachtaí neamhéillithe de bhaictéir a fhás ar phláta agair.

**(i)** Cad é mar a dhéantar dromchla an bhinse a steiriliú sula mbaintear úsáid as plátaí agair?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

Taispeánann an grianghraf thíos teicníc aiseipteach amháin a mbaintear úsáid aisti nuair atá baictéir á bhfás ar phláta agair.



*© Trevor Clifford Photography / Science Photo Library*


**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil an lúb faoi lasair sa dóire Bunsen.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Taispeánann an grianghraf thíos ionaclú de phláta agair le baictéir.



© Trevor Clifford Photography / Science Photo Library

**(iii)** Mínigh cad chuige ar chóir an t-ionaclú a dhéanamh in aice le dóire Bunsen lasta.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(iv)** Cad é an teocht ar chóir don phláta agair ionaclaithe a bheith ar gor?

______________ °C [1]

**(v)** Cad é mar a fhaightear réidh go sábháilte le saothrúcháin baictéar a fhástar ar phlátaí agair?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]


www.xtrapapers.com

**(b)** Rinne eolaí pláta agair a ionaclú le cineál amháin de bhaictéar.

Chuir sí cúig dhiosca antaibheathacha, gach ceann acu le hantaibheathach difriúil, **A**, **B**, **C**, **D**, agus **E**, le dromchla an agair chothaithigh.

Bhí an pláta agair ar gor ar feadh trí lá.

Taispeánann an léaráid thíos na torthaí a fuair sí.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Bhí trí antaibheathach éifeachtach in éadan an cineál seo baictéir.

**(i)** Cé acu antaibheathach de na trí cinn seo **ba lú** éifeacht? Mínigh do fhreagra.

Antaibheathach: ________________

Míniú: ________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Bhain an t-eolaí an tátal amach gur chineál de bhaictéar *MRSA* a bhí sa bhaictéar seo.
Tabhair fianaise ón léaráid ar an leathanach thall a thacaíonn leis an tátal seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**4** **(a)** Déantar taos aráin trí phlúr, giosta agus tuaslagán glúcóis a mheascadh le chéile.
Ardaíonn an taos mar tháirgtear boilgeoga gáis agus ceaptar sa taos iad.

Rinne dalta imscrúdú ar an éifeacht a bhaineann le dhá thiúchan éagsúla de ghlúcós a chur leis an phlúr agus giosta.

Chuir sé 10 $cm^3$ de thuaslagán **ghlúcós 5%** leis an phlúr agus giosta.
Mheasc sé é agus chuir sé an taos isteach i sorcóir tomhais.
Choinnigh sé an sorcóir tomhais ag teocht de 20 °C ar feadh 45 nóiméad.
Thaifead sé toirt an taois gach 15 nóiméad.

Rinne an dalta an turgnamh arís ach d'úsáid sé an toirt chéanna de thuaslagán **ghlúcós 10%**.

Taispeánann an tábla thíos a chuid torthaí.

| **Am/ nóiméid** | **Toirt an taois ag gach tiúchan de ghlúcós/$cm^3$** | |
|---|---|---|
| | **glúcós 5%** | **glúcós 10%** |
| 0 | 20 | 20 |
| 15 | 42 | 64 |
| 30 | 60 | 86 |
| 45 | 66 | 94 |

**(i)** Ainmnigh an t-imoibriú atá déanta ag an ghiosta sa taos.

_______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an gás atá táirgthe san imoibriú seo.

_______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(iii)** Mínigh cad chuige ar táirgeadh toirteanna éagsúla de thaos le tuaslagáin ghlúcós 5% agus 10%.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

I ndiaidh 45 nóiméad ní athródh toirt an taois a táirgeadh le tuaslagán ghlúcós 5%.

**(iv)** Luaigh cad chuige.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

Rinne an dalta a thurgnamh arís le tuaslagán ghlúcós 5% ag teocht de **5 °C**.

**(b)** Bain úsáid as do chuid eolais ar einsímí le míniú a thabhairt ar cad chuige a raibh toirt an taois a táirgeadh i ndiaidh 45 nóiméad ag 5 °C **níos lú** ná toirt an taois a táirgeadh i ndiaidh 45 nóiméad ag 20 °C.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12268.02